AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 26.10.2022
COM(2022) 514 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Dlús a chur leis an aistriú i dtreo na haeráidneodrachta le haghaidh slándáil agus rathúnas na hEorpa**

{SWD(2022) 343 final}

# TREOCHTAÍ ASTAÍOCHTAÍ, BEARTAIS AGUS ÉACHTAÍ

Astaíochtaí gás ceaptha teasa agus gealltanais idirnáisiúnta an Aontais

Deimhníonn na tuarascálacha is déanaí ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC)[1] go gcaithfear beart domhanda bunathraitheach a dhéanamh má táimid chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach, lena n-áirítear téamh domhanda a theorannú go mór faoi bhun 2°C agus iarrachtaí a dhéanamh é a theorannú go 1.5°C. Ní mór d'astaíochtaí gáis cheaptha teasa (GCT) a bheith ag teacht chun buaice sa tréimhse 2020-25 agus ansin titim thart ar 43% faoi bhun leibhéil 2019 faoi 2030 chun an méadú ar mheánteocht dhomhanda a choinneáil go 1.5°C faoi dheireadh an chéid seo. Faoi na beartais atá ann faoi láthair[2], níl an domhan ar an mbealach chun sprioc teochta Chomhaontú Pháras a bhaint amach. Chuirfeadh sé feabhas ar ár n-ionchas dá gcomhlíonfaí gach gealltanas nua a rinne tíortha roimh COP26 i nGlaschú, ach ní leor é sin go fóill[3].

In 2021, d'fhill astaíochtaí domhanda ar ais chuig na leibhéil a bhí ann roimh an phaindéim. Léiríonn réamhshonraí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde [4]gur tháinig méadú 4.2% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda in 2021 go 52.9 billiún tonna de choibhéis $CO_2$ ($CO_2$-eq). Leibhéal é seo atá beagán os cionn astaíochtaí 2019, de réir mar a rinne an geilleagar domhanda teacht aniar ón bpaindéim. D'ardaigh astaíochtaí na hearnála cumhachta agus astaíochtaí dócháin tionsclaíocha eile go leibhéil níos mó ná roimh an phaindéim (+1.3% agus +2.1 % faoi seach, i gcomparáid le 2019),[5] mar thoradh ar úsáid mhéadaithe guail freisin, agus bhí astaíochtaí ó iompar agus foirgnimh níos ísle i gcónaí (-5.2% agus -3.7% faoi seach). Le bliain anuas bhuail tuilleadh iarmhairtí tubaisteacha sinn a bhaineann le téamh na haeráide, rud a threisigh an rabhadh ó eolaithe.

Chun téamh domhanda a theorannú ní mór do gach tír agus do gach earnáil gníomh a dhéanamh gan fasach. Chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050,[6] ní mór dúinn astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú ar bhealach tapa, domhain agus leanúnach, agus cur le cumas an phláinéid carbón a ionsú trí réitigh atá bunaithe ar an dúlra agus trí theicneolaíochtaí bainte carbóin. Neartaíonn torthaí IPCC diongbháilteacht an Aontais maidir le bheith neodrach agus athléimneach ó thaobh na haeráide de faoi 2050. Is príomhchuspóirí iad seo atá leagtha amach sa Dlí Aeráide Eorpach faoin am seo.

Faoin UNFCCC (Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide), gheall an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit sprioc chomhpháirteach ar fud an gheilleagair a bhaint amach chun GCTanna a laghdú faoi 20 % i gcomparáid le leibhéil 1990 faoi 2020 ('gealltanas Cancun'). Mar a leagadh amach i dtíolacthaí fardail gás ceaptha teasa 2022 an Aontais,[7] rinne an tAontas an sprioc sin a shárú go mór, ionas gur chomhlíon a Bhallstáit agus an Ríocht

[1]In 2021 agus 2022, d'eisigh an IPCC tuarascálacha a chuir trí ghrúpa oibre ar fáil don Séú Tuarascáil Measúnaithe - an tuarascáil Bonn Eolaíochta Fisiciúla (Grúpa Oibre I) i mí Lúnasa 2021, an tuarascáil ar thionchair, oiriúnú agus leochaileacht (Grúpa Oibre II) i mí Feabhra 2022 agus an tuarascáil ar mhaolú athraithe aeráide (An Grúpa Oibre 3) i mí Aibreáin 2022.

[2] Grúpa Oibre IPCC 3: Maolú ar an Athrú Aeráide (2022), maidir le hiarrachtaí maolaithe atá ag teacht le beartais náisiúnta a cuireadh i bhfeidhm faoi dheireadh 2020.

[3] Tugann na hanailísí eolaíocha is déanaí le fios go leanfaidh teochtaí ar fud limistéir talún na hEorpa ag méadú ar feadh an chéid seo ag ráta níos airde ná an meán domhanda (LEE: Teocht dhomhanda agus Eorpach)

[4]https://edgar.jrc.ec.europa.eu/dataset_ghg70

[5]https://www.iea.org/news/global-co2-emissions-rebounded-to-their-highest level-in-history-in-2021

[6] Ciallaíonn astaíochtaí glan-nialasacha cothromaíocht a bhaint amach idir astaíochtaí antrapaigineacha ag foinsí gás ceaptha teasa agus aistriú trí linnte, chun go ndéantar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa iarmharacha go léir a théann isteach san atmaisféar a fhritháireamh le haistrithe ón atmaisféar arna spreagadh ag an duine, rud a fhágann go bhfuil astaíochtaí glan-nialasacha ann.

[7] https://unfccc.int/sites/default/files/resource/European%20Union-BR4_C_2019_8832_and_SWD_2019_432_2.pdf

Aontaithe a n-oibleagáidí maidir le laghdú astaíochtaí faoin gCoinbhinsiún freisin[8]. Tháinig laghdú 34 % in AE27 + RA ar líon iomlán na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa, gan úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht (LULUCF) san áireamh, agus eitlíocht idirnáisiúnta san áireamh, i gcomparáid le 1990 (nó 32 % gan an Ríocht Aontaithe). Is laghdú 1.94 billiún tonna CO2-eq é seo faoi 2020 (nó 1.55 GtCO2-eq gan an Ríocht Aontaithe[9]). Bhain an tAontas agus na Ballstáit a sprioc amach le chéile trí Phacáiste Aeráide agus Fuinnimh 2020 an Aontais a chur chun feidhme.

Léiríonn sonraí sealadacha, áfach, gur tháinig méadú 4.8% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre an Aontais, gan eitlíocht idirnáisiúnta san áireamh, in 2021 i gcomparáid lena leibhéal an-íseal le linn na paindéimein 2020, cé gur fhan siad faoi leibhéal na bliana 2019 i.e. -4.0 %)[10]. Tháinig méadú 6.6 % ar astaíochtaí ó shuiteálacha do-aistrithe atá clúdaithe ag Córas Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) agus méadú 3.5% ar astaíochtaí neamh-CTA, faoi thionchar an téarnaimh ón bpaindéim. Maidir le gach príomhearnáil agus gáis, seachas foirgnimh, táthar ag súil go bhfanfaidh na hastaíochtaí faoi bhun na leibhéal réamh-phaindéime, ag leanúint leis an treocht síos, ar an iomlán, atá ann le 30 bliain anuas (Fíor 1). Mar sin féin, ní léir ó shonraí sealadacha na bliana 2021 maidir le hastaíochtaí a bhaint ó LULUCF aon aisiompú ar an treocht síos atá ann le déanaí agus atá ina ábhar imní. Bhí tionchar soiléir ag an mborradh gan fasach faoi phraghsanna gáis sa dara leath de 2021 ar astaíochtaí ó ghiniúint leictreachais mar thoradh ar athrú sealadach ó ghás go breosla guail (Bosca 1).


Fíor 1: Astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre AE-27 de réir earnála (2019 -2021)[11]

[8] Bhí an Ríocht Aontaithe mar chuid de chomhsprioc an Aontais 2020 i gcomhar le 27 mBallstát an Aontais.

[9] Tá astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa le haghaidh 1990 -2020 bunaithe ar tháblaí CRF a chuir Ballstáit an Aontais faoi bhráid UNFCCC faoin 27 Bealtaine 2022 ina dtíolacthaí fardail faoi Rialachán (AE) Uimh. 525/2013. D'fhéadfadh sé go n-athrófaí na figiúirí tar éis ath-thíolacthaí mar thoradh ar athbhreithnithe a dhéanfar níos déanaí.

[10] Tá figiúirí glan-astaíochtaí GCT le haghaidh 2021 bunaithe ar neasfhardail GCT a cuireadh isteach faoi Rialachán (AE) 2018/1999.


[11] An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil' (GEC): 2022 Fardal GCT agus neasfhardal GCT an Aontais le haghaidh 2021 bunaithe ar ar chuir na Ballstáit isteach. Nótaí: Nótaí: (1) Tagraíonn earnáil an fhuinnimh do tháirgeadh leictreachais agus teasa agus do scagadh peitriliam. (2) Folaíonn tionscal dóchán breosla i dtionscal i ndéantúsaíocht agus i dtógáil chomh maith le hastaíochtaí i bpróisis thionsclaíocha agus úsáid táirgí. (3) Folaíonn foirgnimh astaíochtaí ó úsáid fuinnimh i bhfoirgnimh chónaithe agus i bhfoirgnimh threasacha, agus úsáid fuinnimh in earnálacha na talmhaíochta agus an iascaigh.




Tháinig laghdú - 6.1 g$CO_2$-eq/EUR ar dhéine astaíochta GCT an gheilleagair, is é sin, an cóimheas idir astaíochtaí agus OTI, i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, bhí glanastaíochtaí intíre an Aontais in 2021, lena n-áirítear LULUCF, 30% níos ísle ná leibhéil na bliana 1990, i gcomhréir, isteach 's amach, leis an gconair chun sprioc laghdaithe 55% an Aontais a bhaint amach faoi 2030. Mar sin féin, ní mór luas an laghdaithe a mhéadú go suntasach (Fíor 2). In 2021 chuir an Coimisiún Eorpach pacáiste tograí i láthair chun beartais a choigeartú ionas gur féidir leo cuspóirí nuashonraithe an Aontais maidir leis an aeráid a bhaint amach.

Fíor 2: Astaíochtaí gás ceaptha teasa intíre AE-27 (lena n-áirítear LULUCF)[12]

[12] Bunaithe ar fhardal GCT 2022 agus ar neasfhardal GCT an Aontais le haghaidh 2021, bunaithe ar thíolacthaí ó na Ballstáit, seachas buncair idirnáisiúnta. Tá conair líneach glan-nialasach faoi 2050 ag teacht le sprioc an Aontais laghdú astaíochtaí -55% a bhaint amach faoi 2030.




San Aontas, ghin astaíochtaí fíoraithe ó oibreoirí aerárthaí 26.87 milliún tona $CO_2$ in 2021, 8.7 % níos airde ná an 24.71 milliún tonna a tuairiscíodh in 2020, ach fós 61 % níos ísle ná an 68.2 milliún tonna $CO_2$ in 2019, roimh an bpaindéim. Ó 2021 i leith, ní chlúdaíonn CTA AE (Scéim an Aontais i ndáil le Trádáil Astaíochtaí) eitiltí ón Ríocht Aontaithe a thuilleadh. Gan iad seo san áireamh, tháinig méadú thart ar 30% ar astuithe CTA ón eitlíocht i gcomparáid le 2020 agus tháinig laghdú 50 % orthu i gcomparáid le 2019.[13]

Is astaíre suntasach $CO_2$ é an t-iompar muirí, a ghineann thart ar 3-4 % d'astaíochtaí iomlána $CO_2$ san Aontas Eorpach. In 2021, thuairiscigh cuideachtaí loingseoireachta laghdú ar astaíochtaí ó ghníomhaíochtaí iompair a bhain leis an Aontas Eorpach ó na blianta roimh an phaindéim mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.


**Bosca 1: Tionchar an mhéadaithe ar phraghsanna gáis in 2021 ar astaíochtaí gás ceaptha teasa**

In 2021, shroich meánphraghsanna mórdhíola gáis EUR 49/MWh (Meigeavata san uair) - an luach is airde riamh, agus bhí na buaiceanna laethúla chomh hard le EUR 183/MWh. I gcomparáid leis sin, bhí na praghsanna gáis ag dul idir EUR 15 agus 25/MWh idir 2010 agus 2019, agus tháinig siad aniar go tapa go leibhéil cosúil leis sin ó EUR 3 -4/MWh i mBealtaine 2020, leibhéil nach raibh a leithéid riamh ann. Bhí roinnt teagmhas comhthráthach ina gcúis leis an mborradh ar phraghsanna, lena n-áirítear aimsir fhuar i dtús na bliana, leibhéal stórála AE faoi bhun an mheáin shéasúraigh, gan mórán gaoithe agus gréine a bheith ar fáil i rith an tsamhraidh agus méadú ar an teannas geopholaitiúil ar theorainneacha an Aontais. Mar thoradh ar phraghas ard ar ghás tharla athrú suntasach gáis-go -gual agus gáis-go-lignít i gcóras cumhachta an Aontais, agus mhéadaigh gléasraí cumhachta guail agus ligníte uaireanta reatha agus laghdaíodh ar uaireanta gléasraí gásbhreoslaithe. I gcomparáid le 2020, tháinig méadú +68 TWh ar ghiniúint trí ghual agus lignít - níos mó ná leath den mhéadú táirgeachta iomlán (+118 TWh),[(a)] agus tháinig laghdú ar ghiniúint trí ghás (-16 TWh). Gineadh an chuid eile den ardú táirgeachta breise ó fhoinsí in-athnuaite agus núicléach (+65 TWh), in ainneoin táirgeadh gaoithe níos ísle ar an gcladach.

[13] Is astaíochtaí neamh-$CO_2$ iad dhá thrian de thionchar na heitlíochta ó thaobh na haeráide de., thosaigh comhreachtóirí ar iad seo a mheas sna díospóireachtaí 'Fit for 55 ', chun monatóireacht agus maolú a dhéanamh ar na truailleáin ghearrshaolacha seo.

Mar thoradh ar an athrú ó ghás go gual agus gás go lignít sháraigh astaíochtaí $CO_2$ ón gcóras cumhachta leibhéil na bliana 2020 in 2021 (+8.3%). Mar sin féin, bhí astaíochtaí , $CO_2$ san earnáil in 2021 fós 7.3% níos ísle ná mar a bhí in 2019[b] (Fíor 3), tar éis dícharbónú fadtéarmach forásach a bheith déanta ar chóras cumhachta an Aontais.[c]

Fíor 3 - Leictreachas arna ghiniúint ag gual, lignít agus gás agus astaíochtaí $CO_2$ den chóras cumhachta, 2019-2021[d].




In 2022, bhí praghsanna gáis thar a bheith ard ann i gcónaí. Chuir ionradh na Rúise ar an Úcráin le neamhchinnteacht maidir le praghsanna an-arda. Agus an méid seo á scríobh, níl súil ag an margadh go bhfilltear go dtí leibhéil praghais mar a bhí siad san am atá thart sa ghearrthéarma.

Is é is aidhm don phacáiste 'Oiriúnach do 55' mar aon le plean REPowerEU[e] spleáchas an Aontais ar allmhairí breoslaí iontaise a laghdú agus sprioc aeráide 2030 a bhaint amach trí rolladh amach fuinnimh in-athnuaite a luathú, soláthairtí a éagsúlú, agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú go suntasach. Ba cheart go seachnófaí sócmhainní sáinnithe amach anseo le hinfheistíocht chun soláthairtí a éagsúlú.

An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil Ráithiúil ar mhargadh an leictreachais, Imleabhar 14 (ag clúdach an ceathrú cuid de 2021). Fíor 18.
https://ec.europa.eu/clima/news-your-voice/news/emissions-trading-greenhouse-gas-emissions-73-2021-compared-2020-2022-04-25_ga
Treochtaí astaíochtaí in AE-27 don earnáil IPCC 1.A.1.a – Táirgeadh Leictreachais agus Teasa Poiblí ag amharcóir sonraí gáis ceaptha teasa LEE https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/data/data-viewers/greenhouse-gases-viewer.
Do 2019 -2020, comhfhreagraíonn luachanna astaíochtaí $CO_2$ d'earnáil IPCC 1.A.1.a. Maidir le luach na bliana 2021 glactar leis an treocht chéanna agus atá ag astaíochtaí Loga Idirbheart an Aontais Eorpaigh le haghaidh na n-earnálacha comhfhreagracha.
COM/2022/230.

Dul chun cinn maidir le gníomhú ar son na haeráide san Aontas Eorpach

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an Aontas faoin g**Comhaontú Glas don Eoraip**, an treoirphlean d'aistriú glas agus cuimsitheach.

Scríobhann **an Dlí Aeráide Eorpach**,[14] atá i bhfeidhm ó mhí Iúil 2021, ina dhlíspriocanna AE chun bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2050 agus chun astaíochtaí GCT a laghdú faoi 55% ar a laghad faoi 2030 i gcomparáid le 1990, an gealltanas a thug an tAontas agus a Bhallstáit faoi Chomhaontú Pháras.

[14] Rialachán (AE) 2021/1119 ('Dlí Aeráide na hEorpa'), IO L 243, 9.7.2021, lch. 1.

In 2021, mhol an Coimisiún **maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh** chun a chinntiú go mbeadh creat beartais an Aontais oiriúnach chun sprioc aeráide níos airde an Aontais do 2030 a bhaint amach. Tá na tograí á gcaibidliú ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Rinneadh dul chun cinn i mbliana ar fhorálacha eile de Dhlí Aeráide na hEorpa. Ceapadh **Bord Comhairleach Eolaíoch** na hEorpa um Athrú Aeráide in 2022, chun comhairle eolaíoch neamhspleách a chur ar fáil maidir le bearta agus spriocanna aeráide an Aontais. Ghlac an Coimisiún **treoir maidir le díonadh ó thaobh na haeráide de**[15] agus nuashonraigh sé a ionstraimí do rialáil níos fearr chun[16] a chinntiú go nglacfaidh sé an cur chuige céanna agus measúnú á dhéanamh aige ar cibé an bhfuil dréachtbhearta comhsheasmhach le neodracht aeráide agus le dul chun cinn maidir le hoiriúnú, mar atá leagtha amach sa Dlí Aeráide.
Tá gá le hinfheistíochtaí substaintiúla san aistriú chuig neodracht aeráide agus athléimneacht aeráide.
In 2021, thíolaic na Ballstáit a bpleananna **téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna)** chun a ngeilleagair a atógáil tar éis na paindéime. Maidir leis na 26 RRPanna arna nglacadh faoi lár mhí Mheán Fómhair 2022, tá 40% den chaiteachas iomlán atá beartaithe curtha in áirithe d'infheistíochtaí aeráide, os cionn na hoibleagáide 37% atá socraithe ag an Rialachán RRF (féach Caibidil 6)[17].
I mí na Bealtaine 2022, mhol an Coimisiún a Phlean **REPowerEU[18]** mar fhreagairt ar chur isteach ar an margadh fuinnimh de bharr ionradh na Rúise ar an Úcráin. Measann an plean go bhfuil gá le EUR 210 billiún d'infheistíochtaí breise in éifeachtúlacht fuinnimh, i mbonneagar fuinnimh agus i bhfuinneamh in-athnuaite ionas go bhféadfadh an tAontas a úsáid breosla iontaise a laghdú agus allmhairí gáis na Rúise a laghdú faoi dhá thrian idir seo agus 2027. Moltar bearta inti chun astaíochtaí agus costais fuinnimh a laghdú do thomhaltóirí agus don tionscal, lena n-áirítear an sprioc éifeachtúlachta fuinnimh do 2030 a mhéadú go 13% agus sciar na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh i dtomhaltas fuinnimh an Aontais a mhéadú ó 22.1% in 2020 go 45% in 2030, os cionn na sprice 40% sa togra 'Oiriúnach do 55 '[19]. D'fhéadfadh an tAontas Eorpach beagnach EUR 100 billiún a shábháil in aghaidh na bliana ar allmhairí breoslaí iontaise na Rúise.
Beidh EUR 225 billiún eile sa tSaoráid um Théarnamh agus Athléimneacht (RRF) ar fáil le haghaidh gníomhaíochta faoi REPowerEU. Moltar sa phlean seo EUR 20 billiún breise de dheontais ó liúntais a dhíol ó Chúlchiste Cobhsaíochta Margaidh an CTA AE chun maoiniú a mhéadú faoin RRF. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh na Ballstáit cistí áirithe de chuid an Aontais a atreorú i dtreo cuspóirí REPowerEU. Tá níos mó airgid ná riamh á chur isteach i dtionscadail aeráide. Tá 30% ar a laghad de bhuiséad an Aontais do 2021-2027 – an sciar is mó riamh - agus de NextGenerationEU leithdháilte ar ghníomhú ar son na haeráide (suas ó 20% in 2014 -2020) (féach Caibidil 6).
I mí Iúil, ghlac an Coimisiún an Teachtaireacht um fuinneamh a shábháil le haghaidh geimhridh shábháilte,[20] lena n-áirítear plean um laghdú ar éileamh ar ghás agus togra le

[15] Fógra ón gCoimisiún lena dtugtar treoir theicniúil maidir le bonneagar a dhíonadh ó thaobh na haeráide de sa tréimhse 2021-2027 (2021/C 373/01, IO C 373, 16.9.2021, lch. 1), lena gcuirtear Airteagal 5(5) de Dhlí Aeráide na hEorpa chun feidhme.

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún – Rialáil Níos Fearr: Ag teacht le chéile chun dlíthe níos fearr, treoirlínte rialála níos fearr, agus bosca uirlisí rialála níos fearr a dhéanamh ó mhí na Samhna 2021.

[17] I gcomhréir leis na coinníollacha atá sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na cinntí cur chun feidhme ón gComhairle lena bhformheastar RRPanna náisiúnta.

[18] COM/2022/230 final; COM/2022/240 final.

[19] Treoir 2009/28/CE.

[20] COM(2022) 360 final.

haghaidh rialachán maidir le bearta comhordaithe chun an t-éileamh ar ghás a laghdú[21]. Tá bearta á ndéanamh ag na Ballstáit chun a n-ídiú fuinnimh a laghdú.
Faoin Straitéis um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste, mhol an **Coimisiún i mbliana creat nua AE** maidir le Soghluaisteacht Uirbeach agus plean gníomhaíochta chun trácht iarnróid fadraoin agus trasteorann a mhéadú, rud a fhágann go mbeidh taisteal iarnróid níos tarraingtí do phaisinéirí.

Infheistiú sa nuálaíocht

Leis an g**Ciste Nuálaíochta CTA**, leantar de thacaíocht a chur ar fáil do thionscal an Aontais, de theicneolaíochtaí ceannródaíocha a fhorbairt agus de nuálaíocht i hidrigin in-athnuaite agus i réitigh theicneolaíochta glaine eile a mhéadú. Ón gcéad bhabhta, tá méadú breis is 50% tagtha ar na cistí atá ar fáil, rud a chuireann go mór le dícharbónú an tionscail san Aontas, agus a chomhlánaíonn ionstraimí amhail Fís Eorpach (féach Caibidil 6).

níos mó caipitil phríobháidigh a shlógadh san airgeadas glas

Tá an Coimisiún ag obair chun rialacha margaidh caipitil a ailíniú le cuspóirí aeráide, lena n-áirítear an straitéis athnuaite airgeadais inbhuanaithe a chur chun feidhme[22]. Mhol an Coimisiún Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí[23] le haghaidh faisnéise inchomparáide a bhaineann leis an aeráid, Treoir um Dhícheall Cuí maidir le hInbhuanaitheacht Chorparáideach[24], [25]agus leasuithe spriocdhírithe ar rialacha baincéireachta[26] agus árachais an Aontais lena chinntiú go gcomhtháthaíonn siad rioscaí aeráide ina mbainistíocht agus ina n-oibríochtaí.
Mhol an Coimisiún caitheamh go sonrach le gníomhaíochtaí áirithe fuinnimh faoin Rialachán Tacsanomaíochta[27]. Tá fianaise bailithe aige le haghaidh tograí reachtacha féideartha maidir le rátálacha creidmheasa agus maidir le rátálacha comhshaoil,[28] sóisialta agus rialachais, agus maidir leis an athbhreithniú ar an gcreat macrastuamachta[29].

Cothroime shóisialta agus athléimneacht eacnamaíoch a neartú

Chun go n-éireoidh leis, caithfidh an t-aistriú glas a bheith cothrom agus uilechuimsitheach i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, ag tacú leo siúd a bhfuil an dúshlán is mó rompu. Léiríonn an staid gheopholaitiúil agus forbairtí i bpraghsanna fuinnimh an gá atá le dlús a chur leis an trasdul agus athléimneacht shóisialta agus eacnamaíoch a thógáil ag an am céanna.
**Glacadh le moladh ón gComhairle maidir le** haistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a chinntiú i mí an Mheithimh 2022[30] chun treoir a chur ar fáil do na Ballstáit a bhfuil pacáistí beartais ar ghnéithe fostaíochta, scileanna, sóisialta agus dáileacháin den aistriú á ndearadh agus á gcur i bhfeidhm acu[31]. Agus praghsanna fuinnimh ag ardú, tá bearta á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit chun rochtain ar fhuinneamh agus ar iompar a chur ar fáil do dhaoine ar ioncam íseal. Cuireann raon ionstraimí maoinithe de chuid an Aontais tacaíocht ar fáil le haghaidh aistrithe chothroim agus shóisialta (Caibidil 6)[32].

---

[21] COM(2022) 361 final.
[22] SWD(2021) 180 final.
[23] https://ec.europa.eu/info/publications/210421-sustainable-finance-communication_en#csrd
[24] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX%3A52022PC0071
[25] https://ec.europa.eu/info/publications/211027-banking-package_en
[26] https://ec.europa.eu/info/publications/210922-solvency-2-communication_en
[27] Rialachán (AE) 2020/852 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1214.
[28] https://ec.europa.eu/info/consultations/finance-2022-esg-ratings_en
[29] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13188-EU-banking-sector-review-of-macroprudential-rules-to-limit-systemic-risk_ga
[30] Moladh ón gComhairle 2022/C 243/04
[31] Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm polasaí trí na PNFAanna.
[32] COM(2021) 801 final.

Daoine a mhealladh isteach

Baineann an t-aistriú chuig sochaí atá neodrach ó thaobh na haeráide de le daoine: conas a dhéanaimid táirgeadh, tomhaltú, bogadh, ár dtithe a théamh agus a fhuarú, conas a bhímid ag obair agus ag maireachtáil le chéile. Tá rannpháirtíocht ghníomhach phoiblí ríthábhachtach. Tugann an **Comhshocrú Aeráide Eorpach**[33] guth agus ardán do gach duine chun gníomhartha aeráide nua a dhearadh, gníomhaíochtaí a mhéadú, faisnéis agus eolas a roinnt, gníomhaíochtaí cosmhuintire a sheoladh agus a nascadh agus réitigh a thaispeáint.

Dhírigh an chéim phíolótach ar eolaíocht agus beartas aeráide aeráide a aistriú isteach inár saol laethúil. Tá beagnach 1 000 duine ó gach cúlra sa Chomhshocrú Aeráide anois mar Ambasadóirí, idir Ghasóga agus Mhéaraí. Tá siad gníomhach i bpobail áitiúla, ag líonrú agus ag malartú eolais ar fud na hEorpa. Chruthaigh an Comhshocrú córas le haghaidh tiomantais daoine aonair agus eagraíochtaí. Mar thoradh ar ghealltanais ar leith, a bailíodh i gcomhpháirtíocht le Count Us In[34], ghlac beagnach 54 000 Eorpach breis is 3 mhilliún 'céim' chun $CO_2$ a laghdú go dtí seo. Tá gealltanais (1 800 ar an iomlán) tugtha ag breis agus 300 eagraíocht (lena n-áirítear an Coimisiún Eorpach) nó grúpa chun dul ar aghaidh go neodracht aeráide. Trí thionscnaimh a chur ar taispeáint, spreagann an Comhshocrú daoine eile chun gníomhú.

Cathracha a spreagadh

Roghnaigh an Misean do Chathracha Aeráide-Neodracha agus Cliste 100 cathair éagsúil ar fud na hEorpa chun a bheith neodrach ó thaobh na haeráide de faoi 2030 ar bhealach atá uilechuimsitheach ó thaobh cúrsaí sóisialta de. Baineann na cathracha tairbhe as tacaíocht shaincheaptha ó ardán NetZeroCities[35] agus tá siad ag comhchruthú 'Conarthaí Aeráide Cathrach' le pleananna gníomhaíochta agus straitéisí infheistíochta.

[33] https://europa.eu/climate-pact/index_en
[34] https://europa.eu/climate-pact/pledges/individual-pledging_en
[35] https://netzerocities.eu/

# CÓRAS TRÁDÁLA ASTAÍOCHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Faoin mbliain 2021, bhí laghdú 34.6% tagtha ar astaíochtaí CTA AE ó shuiteálacha do-aistrithe[36] i gcomparáid le leibhéil 2005. Ag an am céanna, tá os cionn ionacm ceant EUR 100 billiún bailithe ag na Ballstáit ó 2013, atá ar fáil le haghaidh beart aeráide agus claochlú fuinnimh breise.


In 2021, tháinig méadú beag ar astaíochtaí CTA AE i gcomparáid le 2020, rud a léiríonn an téarnamh eacnamaíoch ó COVID-19 agus an ghéarchéim fuinnimh atá ag teacht chun cinn. Cé go raibh astaíochtaí 2021 ag laghdú i gcónaí i gcomparáid le hastaíochtaí roimh an phaindéim in 2019, tá gá le níos mó gníomhaíochta in earnálacha ETS chun sprioc aeráide 2030 a bhaint amach. Sin é aidhm an phacáiste a mhol an Coimisiún Eorpach in 2021 chun an Comhaontú Glas Eorpach a chur i gcrích, comhaontú atá á chaibidliú faoi láthair ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Áirítear leis sin athchóiriú ar an CTA, an chaidhp a threisiú agus an córas a leathnú chun astaíochtaí muirí a chumhdach, mar aon le córas comhthreomhar chun foirgnimh agus iompar ar bhóithre a chumhdach.

Treochtaí astaíochtaí

In 2021, ghin suiteálacha do-aistrithe 1 335 milliún tona d'astaíochtaí $CO_2$-eq. Is mó 6.6% é seo ná astaíochtaí na bliana 2020, ach fós 5.6% níos ísle ná astaíochtaí 2019[37]. Tháinig méadú 8.4% ar an earnáil chumhachta in 2021, go mór mór mar gheall ar athrú ó úsáid gáis nádúrtha go gual atá nasctha leis an ardú ar phraghsanna gáis agus éileamh níos airde ar leictreachas chun an téarnamh eacnamaíoch a spreagadh tar éis na paindéime. Mar sin féin, bhí astaíochtaí foriomlána ón earnáil chumhachta in 2021 8.1% faoi bhun leibhéil 2019, agus bhí an t-éileamh céanna ar leictreachas sa dá bhliain sin.

Bhí astaíochtaí ón tionscal faoin CTA níos airde freisin in 2021 (4.6%) ná in 2020, ach 2.6% níos ísle ná in 2019. Chonacthas arduithe móra i bhformhór na n-earnálacha, lena n-áirítear iarann agus cruach agus ceimiceáin. Tar éis laghdú níos mó ná 60% in 2020 rinne astaíochtaí eitlíochta CTA AE teacht aniar 30% in 2021 ach d'fhan siad 50% níos ísle ná in 2019[38].

Fíor 4: Astaíochtaí fíoraithe ETS 2005-2021, réamh-mheastacháin na mBallstát mar aon le bearta 2021 -2030 atá ar siúl cheana féin, céimeanna caidhpe CTA 2, 3 agus 4, agus barrachas carntha de lamháltais CTA 2008 -2021 lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann), an Iorua agus an Íoslainn NB: coigeartaigh le haghaidh chéim chaidhpe 4




Acmhainní a ghineann an CTA

Cuireann CTA AE an prionsabal 'íoc mar a thruaillítear' i bhfeidhm ach lena chois sin gineann sé acmhainní nach beag do ghníomhú ar son na haeráide (féach Caibidil 6).


Fíor 5: Ioncam ceant agus úsáid thuairiscithe, 2013 -2021 (€ bn), AE-27

---

[36] Nuashonrú a léiríonn imeacht na Ríochta Aontaithe ón AE agus ón CTA.

[37] Ón mbliain 2021 i leith, ní cuid de CTA AE í an Ríocht Aontaithe a thuilleadh. Déantar an chomparáid le 2020 a choigeartú dá réir.

[38] Comparáid le hastaíochtaí fíoraithe coigeartaithe na mblianta 2020 agus 2019, lena n-áirítear eitiltí amach amháin go dtí an Ríocht Aontaithe chomh maith le 0.3 milliún tonna CO2-eq faoi CTA na hEilvéise.




Ós rudé gur mhéadaigh praghas carbóin le linn 2021, tháinig méadú ar ioncam ceant CTA freisin chun gurb ionann é agus thart ar EUR 31 billiún san iomlán[39]. Fágann sé sin go bhfuil an t-ioncam beagnach dúbailte ón EUR 16.5 billiún a bailíodh in 2020. Den EUR 31 billiún sin, íocadh EUR 25 billiún go díreach leis na 27 mBallstát. In 2021, thuairiscigh siad gur caitheadh 76 % ar an meán d'ioncam chun críocha aeráide,[40] agus fuinnimh, i gcomhréir le 75 % ar an meán thar an tréimhse 2013-2020 (Fíor 5). Tá thart ar 24 % d'ioncam na mBallstát curtha in áirithe do ghníomhaíochtaí sonracha aeráide agus fuinnimh, tá 25 % de curtha isteach i gcistí tiomnaithe comhshaoil agus tá 51% de curtha isteach i mbuiséid náisiúnta.

In 2021, d'úsáid roinnt Ballstát a n-ioncam ceant chun tionchar sóisialta na géarchéime praghsanna fuinnimh a mhaolú.

Gníomhaíocht san eitlíocht agus san iompar muirí

Níl astaíochtaí ón eitlíocht lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, ó eitiltí isteach go dtí an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus eitiltí atá ag imeacht go tíortha lasmuigh den LEE, lasmuigh d'eitiltí atá ag imeacht go dtí an Ríocht Aontaithe agus an Eilvéis, á bpraghsáil faoi CTA AE faoi láthair faoin bhforáil 'stad an clog' sa Treoir maidir le CTA AE.

Tá togra an Choimisiúin chun CTA AE a leathnú chun astaíochtaí ó iompar muirí a áireamh á chaibidliú anois ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle. Cuireann an togra leis an Rialachán maidir le Monatóireacht, Tuairisciú agus Fíorú,[41] lena rianaítear astaíochtaí $CO_2$ ó longa móra a thagann chuig calafoirt an Aontais Eorpaigh ó 2018 i leith. Leanann an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'fhorbairt bearta uaillmhianacha faoi straitéis na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, amhail caighdeáin fhéideartha maidir le déine gás ceaptha teasa breosla agus bearta atá bunaithe ar an margadh.

Margadh carbóin an Aontais

Tá praghas carbóin an Aontais Eorpaigh ag cloí le treocht aníos chomhsheasmhach ó 2018 i leith. In 2021, lean sé de bheith ag méadú mar gheall ar phraghsanna arda gáis agus ionchas margaidh i dtaobh uaillmhian mhéadaithe aeráide 2030 chomh maith le hathchóirithe beartais a ghabhann leo. Chuir an praghas carbóin níos airde le hardú ar phraghsanna mórdhíola leictreachais ach is go pointe i bhfad níos lú ná an méadú ar phraghsanna gáis a rinne sé é seo.

[39] AE-27 + tíortha LEE.

[40] Ní gá go gcaithfí an 24% eile ar chuspóirí eile. Caithfear cuid de sna blianta ina dhiaidh sin nó cuirfear le buiséad ginearálta a úsáidtear chun críocha éagsúla, lena n-áirítear athrú aeráide agus fuinneamh.

[41] Rialachán (AE) 2015/757.

Sa Teachtaireacht maidir le praghsanna fuinnimh ó Dheireadh Fómhair 2021, mheas an Coimisiún go raibh éifeacht an mhéadaithe ar phraghas an gháis ar an bpraghas leictreachais naoi n-uaire níos airde ná éifeacht an mhéadaithe ar phraghas an charbóin[42]. Lean praghsanna gáis ag méadú go géar ó shin, agus d'fhan praghsanna CTA laistigh den raon céanna isteach 's amach. I dtuarascáil ón Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí, a críochnaíodh i mí an Mhárta 2022, cuireadh cosc ar ról tuairimíochta maidir leis an méadú ar phraghsanna carbóin a chur ar aghaidh[43] (féach Tuarascáil ar an Margadh Carbóin)[44].

[42] COM(2021) 660 final.


[43] https://www.esma.europa.eu/press-news/esma-news/esma-publishes-its-final-report-eu-carbon-market

[44] COM(2022) 516.

# COMHROINNT DÍCHILL MAIDIR LE hASTAÍOCHTAÍ

Ó 2013 i leith, tá astaíochtaí ar fud AE sna hearnálacha comhroinnte díchill faoi bhun na teorann bliantúla, mar a léirítear i bhFíor 6. Bhí astaíochtaí AE-27 a chumhdaítear faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill[45] (ESD) 16.3 % níos ísle in 2020 ná mar a bhí siad in 2005; sháraigh an tAontas a sprioc don bhliain 2020 faoi sé phointe céatadáin. Tar éis an laghdaithe shoiléir ar astaíochtaí na bliana 2020 mar gheall ar an bpaindéim, tháinig astaíochtaí in earnálacha ESR (Rialachán maidir le Comhroinnt Díchill) ar ais in 2021. Bunaithe ar shonraí neasaithe, bhí na hastaíochtaí ó chomhroinnt díchill in 2021 3.5 % níos airde ná in 2020. Is i gcás iompair ba mhó a bhí an méadú (méadú níos mó ná 7 % ar astaíochtaí i gcomparáid le 2020), agus sa dara háit bhí astaíochtaí ó fhoirgnimh (ardú 3.1 %). Tháinig laghdú beag ar astaíochtaí san earnáil talmhaíochta in 2021 i gcomparáid le 2020, is é sin, os cionn 0.3%, ach ar an iomlán bhí an laghdú beag i gcomparáid le 2005 (thart ar 2%).

Fíor 6: Astaíochtaí in earnálacha atá cumhdaithe ag an reachtaíocht maidir le comhroinnt díchill 2005 -2030 agusleithdháiltí bliantúla astaíochtaí (AEAanna), AE-27 (Mt $CO_2$-eq) (féach sonraí sa SWD).[46]




Torthaí an Chinnidh maidir le Comhroinnt Díchill 2013-2020

**Bhain na Ballstáit go léir a n-oibleagáidí maidir le comhroinnt díchill amach sna blianta go léir idir 2013 agus 2019.** Sháraigh Málta a leithdháiltí bliantúla astaíochtaí (AEAnna) gach bliain ach chlúdaigh sí an t-easnamh trí AEAnna a cheannach ón mBulgáir. In 2019,


[45] Cinneadh Uimh. 406/2009/CE.

[46] Ó réamh-mheastacháin a thuairiscigh na Ballstáit faoi Rialachán (AE) 2018/1999, tiomsaithe agus seiceáilte ag an GEC. Ní áirítear sna figiúirí ach AE-27.

sháraigh an Ostair, an Bheilg, an Chipir, an Eastóin, an Fhionlainn agus Lucsamburg a gcuid AEAnna ach d'úsáid siad barrachais a sábháladh ó bhlianta roimhe sin chun an t-easnamh a chlúdach. Ní raibh go leor farasbarr sábháilte ag an nGearmáin ná ag Éirinn chun a n-easnamh a chlúdach. Thug an Ghearmáin AEAnna ar aghaidh ó 2020 chun a hoibleagáid i leith 2019 a chomhlíonadh, agus bhain Éire úsáid as creidmheasanna idirnáisiúnta ón Sásra Glanfhorbraíochta chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh. Chuir gach Ballstát seachas an Ungáir, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe barrachas i dtaisce le haghaidh úsáide féideartha in 2020.

Tá an **timthriall comhlíonta le haghaidh 2020**, an bhliain deiridh faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill, ar siúl i gcónaí. Bunaithe ar an athbhreithniú fardail bliantúil faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill, sháraigh astaíochtaí i gceithre Bhallstát a gcuid AEAnna (Fíor 7). Sháraigh astuithe na Cipire a hAEAnna faoi 7%; tá barrachas leordhóthanach AEAnna aici ó bhlianta roimhe sin chun comhlíonadh in 2020. Ós rud é gur thug an Ghearmáin cuid d'AEAnna don bhliain 2020 ar aghaidh chun comhlíonadh in 2019, sháraigh a hastaíochtaí don bhliain 2020 a hAEAnna 2020 faoi 3%. Sháraigh astaíochtaí Mhálta agus na hÉireann a gcuid AEAnna faoi 12% agus 19% faoi seach agus, i dteannta leis an nGearmáin, beidh orthu AEAnna a cheannach ó Bhallstáit eile agus/nó creidmheasanna idirnáisiúnta a úsáid chun comhlíonadh in 2020 mar nach bhfuil go leor barrachas AEA i dtaisce acu.

Fíor 7: Difríocht idir sprioc 2020 na mBallstát faoin gCinneadh maidir le Comhroinnt Díchill agus astaíochtaí sna hearnálacha um chomhroinnt díchill in 2020 (i gcéatadán astaíochtaí 2005).[47]




